Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Rannóg Caitheamh Aimsire & Taitneamhachta, Halla na Cathrach,
Bóthar an Choláiste, Gaillimh

FOIRM CÓIRÍOCHTA DO PHÁIRC IMEARTHA 2022/2023

NÓTA: Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú ina hiomláine. Cuir isteach an focal "N.B." in aon chás a bhfuil sin infheidhme.

1. Ainm Oifigiúil an Chlub/an Bhrainse:_____

An Seoladh Oifigiúil: _____

Cód: (CLG, Sacar, Haca, etc.)_____

Ríomhphost: _____
Tabhair faoi deara nach n-úsáidfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an seoladh seo ach amháin chun comhfhreagras / sonrasc a bhaineann leis an iarratas ceadúnais pháirceála seo a eisiúint.

Na Sraitheanna a mbíonn an club rannpháirteach iontu: _____

_____

2. Mionsonraí iomlána d'aon saoráidí imeartha atá ar fáil don Chlub seachas Comhairle Cathrach na Gaillimhe: _____

_____

An líon Foirne Ógánach a mbítear ag freastal orthu (Faoi.18):_____

An líon Foirne Sinsearacha a mbítear ag freastal orthu (0s cionn18): _____

3. Páirceanna a bhfuil ceadúnas á lorg faoin iarratas seo – féach, le do thoil, leis seo, Sceideal na Limistéar Páirceanna atá ar fáil:

_____

Tá táille €750.00 iníoctha maidir le gach páirc imeartha a bhfuil seomraí feistis iontu agus tá €525.00 iníoctha maidir le páirceanna imeartha gan áiseanna. Sa chás go bhfuil níos mó ná ceadúnaí amháin don pháirc chéanna, cuirfidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ainmneacha na gceadúnaithe eile don pháirc sin in iúl

4. Faoin GDPR, trí thic a chur ar "Toghaim", tá tú sásta go gcoinneoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe do shonraí, lena n-áirítear árachas agus comhfhreagras, le haghaidh tagartha sa todhchaí.

Toghaim ☐

Tabhair faoi deara, le haghaidh críocha árachais, go gcoimeádfar taifid go daingean ar feadh tréimhse 20 bliain ón dáta a eisíodh an ceadúnas páirceála

Tá na coinníollacha ginearálta den ligean a bhaineann le páirceanna na Comhairle Cathrach a ligean léite AGAMSA, OIFIGEACH DE CHUID an CHLUB A BHFUIL A SHÍNIÚ THÍOS

_____

Sa chás go n-éireoidh leis an gClub sin againne cóiríocht páirce a fháil, comhaontaímid le Coinníollacha Ginearálta an ligin.

Rúnaí: _____ Seoladh: _____

_____

_____

Uimh. Theil.: _____

CUID A – FOIRNE ÓGÁNACH (I.E. FOIRNE FAOI 18 BLIAIN D'AOIS): _____

Deimhním leis seo go bhfuil _____ foireann de chuid Club _____ glactha sna sraitheanna atá eagraithe ag mo Chumann /Bhord agus go bhfuil na Táillí Cleamhnaithe riachtanacha go léir íoctha ag an gClub.

Sínithe: _____ Dáta: _____

Oifig: _____ Cumann/Sraith: _____

Seoladh: _____

_____

CUID B – FOIRNE SINSEARACHA (I.E. FOIRNE OS CIONN 18 BLIAIN D'AOIS): _____

Deimhním leis seo go bhfuil _____ foireann de chuid Club _____ glactha sna sraitheanna atá eagraithe ag mo Chumann /Bhord agus go bhfuil na Táillí Cleamhnaithe riachtanacha go léir íoctha ag an gClub.

Sínithe: _____ Dáta: _____

Oifig: _____ Cumann/Sraith: _____

Seoladh: _____

_____

Síniú Rúnaí an Chlub atá ag déanamh an iarratais: _____

Dáta: _____

Comhlánaigh an tábla seo a leanas go cruinn, maidir leis na Foirne atá gníomhach sna comórtais Idir-Chlubanna;

Foirne	An Líon	An tSraith

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do na sonraí a thugann tú dúinn a chosaint. Déanfar aon fhaisnéis phearsanta a chuirtear ar fáil dúinn mar chuid d'iarratais a bhainistiú de réir ár bpolasaí príobháideachta.

Tá ár ráiteas príobháideachta iomlán ar fáil ar ár láithreán Gréasáin:
https://www.galwaycity.ie/privacy-policy

CÓIRÍOCHT PÁIRCE IMEARTHA

COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA AN LIGIN

Bronntar cóiríocht Ligean Páirceanna Imeartha ar feadh tréimhse 11 mí, faoi réir thuiscint na gClubanna go gcloífear leis na coinníollacha seo a leanas:

1. Níl sé de chead ag Ceadúnaithe na háiseanna nó aon chuid díobh a úsáid d'fhonn aon chuspóir eile ach mar áis spóirt agus ní sé de chead acu a leithéid a cheadú ach an oiread.

2. Comhaontaíonn na Ceadúnaithe nach dtugann an Ceadúnas seo aon Teideal ar na Tailte, ach go bhféadfaidh siad iad a úsáid de réir lánrogha na Comhairle Cathrach.

3. Fanfaidh na Ceadúnais sin i bhfeidhm ar feadh tréimhse 11 mí nó go dtí go ndéanfaidh an Chomhairle Cathrach iad a chúlghairm, cibé acu is túisce. Beidh aon Chlub a fhaigheann Ceadúnas ar aon Pháirc Imeartha freagrach as a sábháilteacht le linn tréimhse an Cheadúnais.

4. Beidh ar chlubanna líon dóthanach maor a sholáthar chun ord a choimeád sna seomraí feistis agus ar an bpáirc imeartha. Ní mór dóibh a chinntiú nach bhfaigheann cead isteach sna seomraí feistis ach daoine a bhíonn á n-úsáid chun iad féin a ghléasadh agus sin amháin nó a bhfuil gnó acu i mbainistiú na gClubanna a bhíonn údaraithe chun iad a úsáid.

5. Beidh ar Chlubanna freagracht a ghlacadh as iompar gach uile duine a ligtear isteach sna seomraí feistis, iad a choimeád néata agus aon damáiste a dhéantar do na seomraí feistis ag baill an Chlub féin nó ag cuairteoirí a bhíonn údaraithe ag an gClub, a dheisiú.

6. Ní mór do Chlubanna slánú a thabhairt don Chomhairle Cathrach maidir le haon Dliteanas as aon airteagal a chaillfí nó a dhíolfaí ó bhaill an Chlub agus áiseanna na Páirce in úsáid acu.

7. Beidh clubanna a mbronnfar ligean na páirce seo orthu freagrach as iompar na bhfoirne a bheidh ar cuairt acu.

8. Comhaontaíonn na Ceadúnaithe áiseanna na bPáirceanna a úsáid ar bhealach freagrach agus gan cur isteach ar an bpobal.

9. Ní fhéadfaidh na Ceadúnaithe aon struchtúr, cuaillí etc. a thógáil ar na tailte gan ceadú i scríbhinn a fháil roimh ré ón gComhairle Cathrach agus sa chás go ndéanfaidh an Chomhairle Cathrach an Ceadúnas a chúlghairm, ní mór do na Ceadúnaithe gach struchtúr, cuaille, etc. a thabhairt leo.

10. Tá cosc iomlán ar úsáid Cresota agus páirceanna á marcáil.

11. Ní cheadaítear in aon imthosca an Pháirc a bhíonn ainmnithe do Chlubanna a aistriú lena húsáid chuig aon chlub eile gan cead a bheith faighte ó oifigigh na Comhairle Cathrach agus sin ceangailte leis an Rannóg Caitheamh Aimsire & Taitneamhachta.

12. Ní mór do chlubanna sreangán nó coirdín a úsáid chun an líontán a dhaingniú ar chuaillí. (Ní cheadaítear téip chun líontáin a dhaingniú ar chuaillí in aon imthosca).

13. Féadfaidh an Chomhairle Cathrach aon pháirc is mian leo a dhúnadh don imirt i rith na bliana, chun obair fheabhsúcháin a dhéanamh agus/nó má cheaptar dóibh nach bhfuil an pháirc inimeartha. Is é cinneadh na Comhairle Cathrach an cinneadh críochnaitheach agus níl dul thar an gcinneadh sin.

    Níl sé de chead ag aon Chlub ná ag aon Réiteoir cinneadh a dhéanamh gur féidir imirt ar pháirc agus an Chomhairle Cathrach tar éis a mhaíomh nach féidir imirt uirthi. Is é sin feidhm na Comhairle Cathrach agus sin amháin. Tabhair ar aird le do thoil gurb í an Rannóg Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachta a dhearbhaíonn mura féidir imirt ar pháirceanna chun leasa na ndromchlaí féir a choimeád chun go mbeidh na páirceanna ar fáil lena n-imirt san fhadtéarma.

14. Féadfaidh an Chomhairle Cathrach aon Chlub nó aon bhall d'aon chlub, a dhéanann neamhaird ar choinníollacha an ligin, nach dtugann aird orthu nó a bhriseann aon cheann acu, a chur ar fionraí ó úsáid na páirce nó áiseanna na seomraí feistis a leithroinntear don Chlub.

15. Ní mór do na Ceadúnaithe dliteanas poiblí dóthanach agus árachas díobhála pearsanta a bheith acu a chlúdaíonn imreoirí, baill, maoir etc. Ní mór do na ceadúnaithe a chomhaontú go ndéanfar Comhairle Cathrach na Gaillimhe a shlánú in aghaidh aon dhliteanas ar dhíobháil phearsanta d'imreoirí, baill, maoir etc. Ní mór cóip den chlúdach árachais atá agat a bheith ceangailte le d'Fhoirm Iarratais do Chóiríocht Páirc Imeartha.

16. Ní mór d'Oifigigh Club iad féin a shásamh go bhfuil an pháirc saor ó aon ghuaiseacha/gaistí i.e. gloine, sreang, cannaí, poill etc. sula n-imreofar gach aon chluiche. Is é an Club atá freagrach as a chinntiú go bhfuil an pháirc imeartha sábháilte chun imirt uirthi. Ní bheidh aon tionchar aige sin ar cheart iomlán na Comhairle Cathrach cluichí a chur ar ceall ag brath ar choinníollacha aimsire ag an am.

17. Caithfear téip, sreang agus aon ábhar marcála a thabhairt chun bealaigh ó na páirceanna imeartha tar éis gach cluiche. Caithfear na páirceanna agus teorainn na bpáirceanna a fhágáil glan agus néata tar éis na himeartha. Caithfear gach bruscar a fhágann an Club agus lucht féachana an chlub ina ndiaidh a thógáil ón bpáirc agus ón limistéar máguaird tar éis gach aon chluiche.

18. Tabhair ar aird le do thoil go gcaithfear leas a bhaint as roinnt páirceanna imeartha mar láithreacha d'imeachtaí lasmuigh. Cuirfear clubanna ar an eolas roimh ré faoi imeachtaí den sórt sin agus déanfaidh an Chomhairle gach iarracht a chinntiú go gcuirfear ionaid eile ar fáil.

19. Beidh táille ceadúnais in aghaidh na páirce imeartha agus na seomraí feistis san áireamh (más infheidhme) iníoctha ag an gceadúnaí le Comhairle Cathrach na Gaillimhe laistigh de 14 lá ó bhronnfar an ceadúnas.

20. I gcás nach gcomhlíonann Ceadúnaí na coinníollacha go léir thuas, féadfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe fógra a thabhairt don Chomhlachas / Bord ábhartha atá cleamhnaithe leis an gClub / Eagraíocht.

21. Ní éascóidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe bailiú féir ina ndéanann Clubanna gearradh féir nach bhfuil déanta de réir sceideal cothabhála na Comhairle Cathrach

22. Féadfaidh an Chomhairle Cathrach, ag aon am, aon choinníollacha eile a áireamh nuair is cuí.

Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Áiseanna Peile, Sacair agus Rugbaí i gCathair na Gaillimhe 2022-2023

#	Lathair	Seoladh	Spórt	Aiseanna
1	Pairc na gCeapach 2	Cnoc na Cathrach	Gaelach	Tá Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil
2	Pairc na gCeapach 3	Cnoc na Cathrach	Gaelach/ Rugbai - Sóisearach	Tá Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil
3	Pairc na gCeapach 4	Cnoc na Cathrach	Sacar	Tá Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil
4	Lana an Mhuilleora 1	Cnoc na Cathrach	Sacar	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
5	Lana an Mhuilleora 2	Cnoc na Cathrach	Sacar	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
6	Westside 1	Bothar Sheamais Ui Chuirc	Gaelach	Tá Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil
7	Westside 2	Bothar Sheamais Ui Chuirc	Traenáil	Tá Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil
8	Westside 3	Bothar Sheamais Ui Chuirc	Sacar	Tá Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil
9	Pairc an Labhrais 1	An Caislean Nua	Sacar	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil

#	Lathair	Seoladh	Spórt	Aiseanna
10	Pairc an Labhrais 2	An Caislean Nua	Rugbai	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
11	Pairc an tSeantalamh	Bothar Sheamais Ui Chuirc	Sacar	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
12	Pairc Mhic Craith	Shangort Road	Gaelach	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
13	An Phairc Theas 1	An Cladach	Gaelach	Tá Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil
14	An Phairc Theas 2	An Cladach	Sacar	Tá Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil
15	An Phairc Theas 3	An Cladach	Sacar	Tá Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil
16	An Phairc Theas 4	An Cladach	Rugbai	Tá Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil
17	An Phairc Theas 5	An Cladach	Sacar	Tá Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil
18	The Plots	Barr an Chalaidh	Gaelach	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
19	An Bothar Mor 1	S. Mulvoy Road	Sacar	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
20	Barr na Coille 1	Menlo Road	Gaelach	Tá Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil
21	Barr na Coille 2	Menlo Road	Sacar	Tá Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil
22	Pairc na Rinne Moire 1	Ascaill na Rinne Moire	Sacar	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
23	Pairc na Rinne Moire 2	Ascaill na Rinne Moire	Sacar	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
24	Pairc na Rinne Moire 3	Ascaill na Rinne Moire	Gaelach	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil

#	Lathair	Seoladh	Spórt	Aiseanna
25	Pairc na Rinne Moire 4	Ascaill na Rinne Moire	Gaelach	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
26	An Phairc Thiar 1	Ar Chul Ionaid Pobail na Rinne Moire	Sacar	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
27	An Phairc Thiar 2	Ar Chul Ionaid Pobail na Rinne Moire	Traenáil	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
28	Pairc an Chaisleain 1	An Baile Ban	Sacar	Tá Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil
29	Pairc an Chaisleain 2	An Baile Ban	Sacar	Tá Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil
30	Pairc an Chaisleain 3	An Baile Ban	Rugbai	Tá Seomraí Feistis nó Áiseanna Cithfholctha ar fáil
31	Iosanaigh	Bothar Bhaile Atha Cliath	Sacar	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
32	Fahy's Field 1	Mervue	Sacar	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
33	Fahy's Field 2	Mervue	Sacar	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
34	Fahy's Field 3	Mervue	Sacar	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
35	O'Sullivan Park 1	Mervue	Sacar	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
36	O'Sullivan Park 2	Mervue	Sacar	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
37	Mervue Park 1	Walter Macken Road	Gaelach	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
38	Mervue Park 2	Walter Macken Road	Gaelach	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
39	Roscam 1	Boireann Bheag	Sacar	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil

#	Lathair	Seoladh	Spórt	Aiseanna
40	Roscam 2	Boireann Bheag	Traenáil	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
41	Merlin Woods City (Dabhach Uisce) Park 1	Bothar Dhabhach Uisce	Sacar	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
42	Merlin Woods City (Dabhach Uisce) Park 2	Bothar Dhabhach Uisce	Sacar	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil
43	Merlin Woods City (Dabhach Uisce) Park 3	Bothar Dhabhach Uisce	Gaelach	Níl Seomraí Feistis ná Áiseanna Cithfholctha ar fáil